



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/754 ÓN gCOIMISIÚN
an 29 Feabhra 2024

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1762 a mhéid a bhaineann le téarmaí údaraithe maidir le hullmhóid de *Bacillus subtilis* DSM 32324, *Bacillus subtilis* DSM 32325 agus *Bacillus amyloliquefaciens* DSM 25840 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis lena ramhrú nó a thógtar le haghaidh breithe nó a thógtar le haghaidh pórúcháin (sealbhóir an údaraithe: Chr. Hansen A/S)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 13(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú nó a mhodhnú.
- (2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1762 ón gCoimisiún ⁽²⁾ údaráíodh ullmhóid de *Bacillus subtilis* DSM 32324, *Bacillus subtilis* DSM 32325 agus *Bacillus amyloliquefaciens* DSM 25840 a úsáid mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis lena ramhrú nó a thógtar le haghaidh breithe nó a thógtar le haghaidh pórúcháin ar feadh tréimhse 10 mbliana.
- (3) I gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh iarratas isteach an 24 Aibreán 2022 ar mhodhnú ar théarmaí údarú na hullmhóide de *Bacillus subtilis* DSM 32324, *Bacillus subtilis* DSM 32325 agus *Bacillus amyloliquefaciens* DSM 25840 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis lena ramhrú nó a thógtar le haghaidh breithe nó a thógtar le haghaidh pórúcháin, iarratas inar iarradh cead an ullmhóid sin a úsáid go comhuaineach leis na coicideastait, atá údaraithe mar bhreiseáin bheathaithe, monainsin, salanaimícín, naraisín, meascán de niocarbaisín agus naraisín, agus lasalaicid. Bhí na sonraí tacaíochta ábhartha ag gabháil leis an iarraidh.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (‘an tÚdarás’) ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 5 Iúil 2023 ⁽³⁾ maidir leis an modhnú atá beartaithe ar théarmaí údarú na hullmhóide de *Bacillus subtilis* DSM 32324, *Bacillus subtilis* DSM 32325 agus *Bacillus amyloliquefaciens* DSM 25840 nach modhnófaí leis an modhnú sin na conclúidí ar ar thángthas roimhe sin maidir le sábháilteacht an bhreiseáin. Tháinig sé ar an gconclúid freisin go bhfuil úsáid na hullmhóide sin comhoiriúnach do na coicideastait monainsin, salanaimícín, naraisín, meascán de niocarbaisín agus naraisín, agus lasalaicid.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1762 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2020 maidir le hullmhóid de *Bacillus subtilis* DSM 32324, *Bacillus subtilis* DSM 32325 agus *Bacillus amyloliquefaciens* DSM 25840 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis lena ramhrú nó a thógtar le haghaidh breithe nó a thógtar le haghaidh pórúcháin (sealbhóir an údaraithe Chr. Hansen A/S) (IO L 397, 26.11.2020, lch. 14; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1762/oj).

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA] 2023;21(8):8179.

- (5) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann an ullmhóid de *Bacillus subtilis* DSM 32324, *Bacillus subtilis* DSM 32325 agus *Bacillus amyloliquefaciens* DSM 25840 fós na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 agus téarmaí an údaraithe á modhnú trí chomhoiriúnacht úsáid na hullmhóide sin do na coicideastait monansin, salanaimícín, naraisín, meascán de niocarbaisín agus naraisín, agus lasalaicid a shonrú. Ina theannta sin, ós rud é nach bhféadfár na coicideastait sin a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ná catagóir a liostaítear san Iarscríbhinn,, níor cheart a n-úsáid chomhuaineach leis an ullmhóid de *Bacillus subtilis* DSM 32324, *Bacillus subtilis* DSM 32325 agus *Bacillus amyloliquefaciens* DSM 25840 a bheith indéanta ach amháin i gcomhréir lena gcoinníollacha féin maidir le húdarú mar bhreiseáin bheathaithe.
- (6) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1762 a leasú dá réir sin.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1762

Sa cholún ‘forálacha eile’ den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1762, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 3:

- ‘3. Féadfár an breiseán a úsáid go comhuaineach leis na coicideastait seo a leanas, i gcomhréir lena gcoinníollacha féin maidir le húdarú mar bhreiseáin bheathaithe: déchlásairil, dé-coicíonáit, halafuganón, monansin, salanaimícín, naraisín, meascán de niocarbaisín agus naraisín, agus lasalaicid.’

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Feabhra 2024.

Thar ceann an Choimisiúin

An tUachtarán

Ursula VON DER LEYEN